An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

# MOLTAÍ AN CHOIMISIÚIN

# SEOLTAÍ IARRTHÓIRÍ AR AN bPÁIPÉAR BALLÓIDE

SAMHAIN 2025

CLÁR TAIGHDE

SNÁITHE B: DLÍ TOGHCHÁIN, CÓRAIS TOGHCHÁIN AGUS BONNEAGAR TOGHCHÁIN

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

**MOLTAÍ**

**SEOLTAÍ IARRTHÓIRÍ AR AN bPÁIPÉAR BALLÓIDE**

**SAMHAIN 2025**

## CÚLRA

Foráiltear in alt 64 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* gur féidir leis an gCoimisiún Toghcháin taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta toghcháin, ceisteanna a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna ina measc agus, ag eascairt as an taighde sin, go bhféadfaidh sé moltaí a dhéanamh don Aire agus don Rialtas de réir mar is cuí leis.

Eascraíonn na moltaí seo as ár machnamh ar thaighde inmheánach a rinne foireann taighde an Choimisiúin. Fáiltímid roimh an anailís sa *Tuarascáil Taighde – Dearadh na bPáipéar Ballóide: Seoltaí Iarrthóirí ar an bPáipéar Ballóide*, agus tugaimid aitheantas d'aighneachtaí agus rannpháirteachas na bpáirtithe leasmhara a bhí an-úsáideach agus a chuir bonn eolais faoin taighde. Tá an Tuarascáil ar an gcéad tuarascáil i sraith bheartaithe de *Thuarascálacha Taighde an Choimisiúin Toghcháin* ar mhíreanna i gClár Taighde 2024–2026.

## An tsaincheist atá á breithniú

Faoin *Acht Toghcháin, 1992*, caithfidh iarrthóirí atá ag iarraidh seasamh i dtoghchán Dháil Éireann seoladh a thabhairt ar an bpáipéar ainmniúcháin, agus foilsítear é sin ar an bpáipéar ballóide de réir an dlí i dteannta ainm agus ghairm (más ann di) an iarrthóra, chomh maith le cleamhnacht páirtí (nó gur iarrthóir gan pháirtí iad) agus grianghraf (más maith leo). Déantar aithris ar an gceanglas sin faoin seoladh i reachtaíocht dá bhforáiltear d'imeachtaí toghcháin eile. Tá sé ina ghné de phróiseas toghcháin na hÉireann ó bunaíodh an Stát agus foráladh dó roimhe sin in Acht ó 1872.

Spreagadh an taighde de bharr imní go bhféadfadh seoladh iomlán ar an bpáipéar ballóide baol a chruthú do shábháilteacht agus príobháideachas pearsanta iarrthóirí, a dteaghlach nó daoine eile a chónódh leo. Tarraingíodh aird ar an imní sin i dTuarascáil an Tascfhórsa um Rannpháirtíocht Shábháilte sa Saol Polaitíochta[1] agus in

aighneachtaí a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin, agus tarraingíodh aird in go leor díobh ar thuairiscí faoi mhí-úsáid agus bagairtí mí-úsáide i dtreo gníomhaithe polaitiúla.

Fiosraítear an cleachtas reatha maidir le seoltaí ar an bpáipéar ballóide sa Tuarascáil Taighde (an réasúnaíocht don chleachtas reatha san áireamh), chomh maith leis an gcás d'athchóiriú agus sainaithnítear roinnt moltaí sonracha faoi athruithe.

## Machnamh agus moltaí an Choimisiúin

**Is údar míshuaimhnis don Choimisiún an fhaisnéis faoin gciapadh, an mhí-úsáid nó an t-imeaglú a dhírítear ar iarrthóirí toghcháin agus ionadaithe poiblí, a fhiosraítear i gCuid 2 agus Aguisín 3 den Tuarascáil Taighde.** Is masla é ciapadh, imeaglú agus mí-úsáid dár gcóras daonlathais ionadaíoch agus an bonn bunúsach ar a seasann sé – go dtoghann an lucht vótála iarrthóirí le hionadaíocht a dhéanamh orthu i bhfóraim chinnteoireachta. Teastaíonn freagairt ilchodach chun troid in aghaidh na mí-úsáide sin, mar a phléitear sa Tuarascáil. Ach tá sé riachtanach nach ndéanfadh an dlí ná an cleachtas a bhaineann le toghcháin – ón bpróiseas chun iarrthóirí a ainmniú go reáchtáil na vótála féin – údair imní agus baol i dtaobh cúrsaí sábháilteachta agus príobháideachais a chruthú ná a dhéanamh níos measa d'iarrthóirí. Tacaíonn an Coimisiún dá bhrí sin leis an gcás don athchóiriú.

**Nuair atá meastóireacht á déanamh ar aon togra chun an reachtaíocht agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair ar eagrú toghchán a leasú, tugann An Coimisiún tús áite do shláine an phróisis toghcháin, agus an t-ardleibhéal iontaoibhe sa phróiseas a léiríonn an lucht vótála faoi láthair.** Fáiltíonn An Coimisiún dá bhrí sin roimh an anailís chuimsitheach agus thomhaiste sa Tuarascáil ar na forálacha agus cleachtas reachtach, agus roimh an mbéim a leagtar ann ar an réasúnaíocht bheartais a shainaithint a bhaineann le seoladh iarrthóra a éileamh, agus aon tairbhí a bhaineann leis fós, chomh maith leis an nasc idir an seoladh agus údair imní agus baol a bhaineann le sábháilteacht agus príobháideachas.

Sainaithnítear dhá chroíchuspóirí nó tairbhí braite a bhaineann le seoladh an iarrthóra a thabhairt mar chuid den phróiseas toghcháin.

Ar an gcéad dul síos, is cuid den phróiseas ainmniúcháin é an seoladh – úsáidtear é sa riar toghchán chun aitheantas an iarrthóra mholta a dheimhniú, a chuireann ar chumas an chinn comhairimh tabhairt faoi fheidhm reachtúil, is é sin rialú a thabhairt ar bhailíocht na bpáipéar ainmniúcháin.

Ar an dara dul síos, nuair a chríochnaítear an próiseas ainmniúcháin, bíonn seoladh an iarrthóra ar fáil go poiblí agus mar sin is féidir cabhrú leis an lucht vótála iarrthóir a aithint. Cruthaíonn sé trédhearcacht trí fhaisnéis a thabhairt don lucht vótála faoi nasc áitiúil iarrthóra, nasc a thugtar le fios san fhianaise atá tábhachtach do go leor vótálaithe Éireannacha. Agus sa chás go liostaítear iarrthóirí ar pháipéar ballóide a bhfuil an t-ainm céanna nó ainmneacha cosúla orthu, d'fhéadfadh seoladh iarrthóra a bheith ina fhaisnéis thábhachtach chun iad a aithint, go háirithe mar go bhfuil grianghraif roghnach agus nach mbíonn gach iarrthóir ina mball de pháirtí.

Is léir don Choimisiún ón anailís sa Tuarascáil nach bhfuil na forálacha reachtacha atá i bhfeidhm faoi láthair sásúil. Sainaithnítear sa taighde an ceanglas reachtúil gur cheart go mbeadh an seoladh céanna ar an bpáipéar ainmniúcháin agus ar an bpáipéar ballóide. Sonraítear go bhféadfadh go dteastódh seoladh mionsonraithe agus sonrach iarrthóra ón gceann comhairimh ar mhaithe le deimhniú, agus tá an próiseas deimhnithe sin riachtanach do shláine an phróisis toghcháin. Ach tá sé deacair aghaidh a thabhairt ar údar imní faoi shábháilteacht agus príobháideachas má theastaíonn seoladh mionsonraithe agus sonrach ag an gcéim ainmniúcháin mar go sonraítear sa reachtaíocht gurb é an seoladh a thugtar le haghaidh na bpáipéar ainmniúcháin a úsáidfear níos deireanaí ar na páipéir bhallóide (agus a thaispeántar go poiblí).

**Tar éis machnamh a dhéanamh air sin, tá an Coimisiún den tuairim go mbainfeadh sláine an phróisis toghcháin tairbhe as briseadh sa nasc uathoibríoch idir an seoladh a thugtar ar an bpáipéar ainmniúcháin ar mhaithe le deimhniú agus an seoladh a thabharfar ar na páipéir bhallóide.** I ndiaidh an nasc sin a bhriseadh, d'fhéadfaí ansin leibhéil dhifriúla sainiúlachta a shocrú don seoladh a thugtar ar an bpáipéar ainmniúcháin ar lámh amháin, agus an seoladh a thugtar ar an bpáipéar ballóide agus in áiteanna poiblí eile ar an lámh eile.

Anuas air sin, i bhfianaise na sonraí imníocha faoin mbaol do shábháilteacht agus príobháideachas iarrthóirí, molann an Coimisiún go ndéanfaí na bearta seo a leanas láithreach:

## MOLTAÍ

1. Ba cheart *an tAcht Toghcháin, 1992* a leasú chun go mbainfí an ceanglas go mbeadh seoladh iarrthóra ar an bpáipéar ainmniúcháin díreach cosúil leis an seoladh a chuirtear ar taispeáint go poiblí, bíodh sé taobh amuigh den áit ina

mbeidh ainmniúcháin á nglacadh (alt 53), ar an bhfógra i dtaobh na vótaíochta [alt 87(b)] nó ar an bpáipéar ballóide [alt 88(2)(a) agus Sceideal 4 den Acht].

2. Chun an dícheangal sin a éascú, ba cheart go gceanglófaí dhá sheoladh a thabhairt ar an bpáipéar ainmniúcháin don iarrthóir:
    - *Seoladh 1* – le húsáid ag an riar toghchán don phróiseas ainmniúcháin amháin; agus
    - *Seoladh 2* – an seoladh a thaispeánfar ar an bpáipéar ballóide agus ar fhógraí poiblí eile.
3. Ba cheart go mbeadh sonraí *Sheoladh 1* sách maith le go bhféadfadh an ceann comhairimh rialú a thabhairt ar bhailíocht ainmniúcháin an iarrthóra (mar atá faoi láthair le haghaidh seoladh faoi alt 52 den *Acht Toghcháin, 1992*). Nuair nach gá do *Sheoladh 1* a bheith díreach mar an gcéanna leis an seoladh a thaispeántar go poiblí (mar a mholtar in 1 agus 2 thuas), féadfaidh ceann comhairimh seoladh iomlán baile a éileamh má mheastar go bhfuil gá leis sin ar mhaithe le deimhniú, gan cur isteach ar shábháilteacht ná slándáil an iarrthóra ainmnithe ná iad a chur i mbaol.
4. Ba cheart roghanna soiléire, inghlactha le haghaidh na sonraí a thugtar i *Seoladh 2* mar a roghnódh an t-iarrthóir iad a leagan amach mar seo a leanas:
    a. An seoladh (*Seoladh 1*) ar an bpáipéar ainmniúcháin,[2]
    b. Leagan páirteach de *Sheoladh 1* ar an bpáipéar ainmniúcháin atá inghlactha don cheann comhairimh, agus a chabhródh leis an vótálaí an t-iarrthóir a aithint, m.sh. ainm sráide, ainm sráidbhaile nó baile nó baile fearainn, agus
    c. An tríú rogha don seoladh, nuair nach dtugtar seoladh iomlán ná páirteach, agus a thugann le fios ina áit sin an "ceantar" ina bhfuil seoladh an iarrthóra, is é sin ainm an toghlimistéir áitiúil, nó ainm na toghroinne [feic Fíor 4 (léarscáil) sa Tuarascáil Taighde].[3]

Áitíonn an Coimisiún ar an Aire agus ar an Rialtas aird faoi leith a thabhairt ina machnamh cúramach ar an ábhar seo ar an réasúnaíocht chun rogha c a áireamh, agus chun trí rogha a mholadh ar an iomlán, le haghaidh shonraí an tseolta atá le cur ar taispeáint go poiblí agus ar an bpáipéar ballóide, a mhínítear go hiomlán sa Tuarascáil Taighde (cuid 4).

5. Chun a chinntiú nach gcruthaítear aon údair imní faoi shábháilteacht má leantar ag taispeáint seoltaí iarrthóirí ar an bpáipéar ballóide, mar a mholtar anseo, agus nach gcuirtear bac ar aon bhealach ar iarrthóirí ionchais dá bharr, tarraingíonn na páirtithe bainteacha ar fad, páirtithe polaitíochta, ranna rialtais, cinn chomhairimh agus an Coimisiún ina measc, aird ar fheasacht faoi rogha iarrthóra agus faoi na hathruithe molta ar an bpróiseas mar a léirítear i bhFíoracha 1 agus 2 sa Tuarascáil Taighde.

Tugann an Coimisiún ar aird an maíomh sa Tuarascáil Taighde a luaithe nach gceanglaítear faoin dlí go mbeadh an seoladh ar an bpáipéar ainmniúcháin díreach mar an gcéanna leis an seoladh ar an bpáipéar ballóide (mar a mholtar), gur féidir seoladh iomlán baile a éileamh don pháipéar ballóide gan cur le húdair imní faoi chúrsaí sábháilteachta agus príobháideachais. Ar an mbonn sin, baintear de thátal as sa Tuarascáil gur cheart go gceanglófaí sa reachtaíocht seoladh iomlán baile do *Sheoladh 1* (an seoladh don deimhniú) agus gur leagan den seoladh sin a bheadh i *Seoladh 2* (ar an bpáipéar ballóide) (leis an méid sonraí a roghnódh an t-iarrthóir).

Tá sainrogha na Tuarascála go mbeadh seoladh baile iarrthóra éigeantach do *Sheoladh 1* bunaithe den chuid is mó ar na prionsabail a bhaineann le (i) trédhearcacht agus nasc/ionadaíocht áitiúil agus (ii) comhsheasmhacht do na hiarrthóirí ar fad, seachas ar imní iarrthóra faoi phríobháideachas agus sábháilteacht, an phríomhcheist sa taighde. Cé go sonraítear sainrogha na Tuarascála, ní mholtar i Moladh 3 ón gCoimisiún go gceanglófaí seoladh baile a thabhairt ag an gcéim ainmniúcháin, a fhad is go mbeadh cibé seoladh a thabharfadh an t-iarrthóir sách mionsonraithe chun go bhféadfadh ceann comhairimh aitheantas iarrthóra a dheimhniú. Ina theannta sin, i gcás an tseolta a thaispeántar ar an bpáipéar ballóide (is é sin, leagan de *Sheoladh 1*), d’fhéadfadh an dearcadh faoi céard is ‘nasc áitiúil’ iarrthóra ann athrú ó vótálaí go vótálaí, ó thoghchán go toghchán, agus ó cheantar go ceantar, mar a léirítear i ndíospóireachtaí eolaíochta polaitiúla agus fealsúnachta faoi na modhanna ionadaíochta polaitiúla. Dá bhrí sin, ba cheart cead a thabhairt d’iarrthóir seoladh gnó nó seoladh eile a thabhairt mar a dhéantar faoi láthair.

Anuas air sin, tá an Coimisiún den tuairim a luaithe nach gá don seoladh don pháipéar ainmniúcháin a bheith díreach mar an gcéanna leis an seoladh a thaispeánfar go poiblí, agus go dtugtar isteach na roghanna le haghaidh *Sheoladh 2*, go bhféadfadh nach mbeadh ar iarrthóirí úsáid a bhaint níos mó as seoladh lárnach (ar nós cheanncheathrú

an pháirtí) nó seoladh oibre (ar nós oifigí Dháil Éireann, Sheanad Éireann nó na comhairle áitiúla) nach bhfuil cabhrach i ndáiríre don lucht vótála agus nach dtagann leis na tairbhí níos leithne a bhaineann le seoladh áitiúil a úsáid mar a léirítear sa Tuarascáil.

Is faoin Aire agus faoin Rialtas é ar ndóigh cur chuige eile a ghlacadh in áit an chur chuige a mholaimid, agus a shonrú go dteastaíonn seoladh iomlán baile ag an gcéim ainmniúcháin, mar a mholtar sa Tuarascáil Taighde.

Fáiltíonn an Coimisiún freisin roimh an machnamh a rinneadh sa taighde ar shláine fhoriomlán an phróisis ainmniúcháin agus ar phrionsabail na cothroime agus na comhsheasmhachta sna roghanna do na hiarrthóirí ionchais ar fad. Cé gurbh é mí-úsáid na n-iarrthóirí, nó an baol mí-úsáide, an réasúnaíocht a bhain leis an taighde seo, a d'eascródh as ceanglais seoltaí ar an bpáipéar ballóide, measann an Coimisiún gur cuí machnamh a dhéanamh ar an gcomhthéacs níos leithne agus bearta a chur leis chun sláine bhailíocht na bpáipéar ainmniúcháin a neartú. Caithfear dóthain faisnéise a thabhairt do riarthóirí toghchán chun go mbeidh siad cinnte faoi bharántúlacht agus aitheantas an iarrthóra ainmnithe. Ach tá sé tábhachtach nach gcuirfeadh forálacha iarrthóirí féideartha atá gan dídean as an áireamh. Dá réir sin, déantar na moltaí seo a leanas:

6. Sa chás go dteastaíonn níos mó ama ó cheann comhaireamh chun cruthúnas faoi sheoladh iarrthóra a lorg, ba cheart an t-am sin a chur as an áireamh ón ríomh don tréimhse uair an chloig a cheadaítear faoi alt 52 chun rialú a thabhairt ar bhailíocht páipéar ainmniúcháin.

**7.** Ba cheart foráil a dhéanamh chun éascaíocht a dhéanamh ar iarrthóirí ionchais atá gan dídean i rith an phróisis ainmniúcháin, cosúil leis na forálacha a leagtar amach in alt 84 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*.

Anuas air sin, cé nach mbeadh sé ina chuid lárnach den mhachnamh ar shábháilteacht, d'fhéadfadh an tAire agus an Rialtas tátal na Tuarascála a mheas i leith gur cheart go mbeadh sé éigeantach sa chóras ainmniúcháin go dtabharfaí grianghraf den iarrthóir chun sláine a fheabhsú.  Ní dhéanann an Coimisiún aon mholadh foirmeálta chuige sin.

Mar fhocal scoir, d'fhéadfadh bagairtí ar shábháilteacht, príobháideachas pearsanta agus folláine iarrthóirí, a dteaghlach agus daoine eile lena gcónaíonn siad bac a chur

ar rannpháirteachas polaitiúil agus le himeacht aimsire, mura gcuirtear srian leo, an bonn a bhaint de shláinte dhaonlathas na hÉireann. Fáiltíonn an Coimisiún roimh an anailís sa Tuarascáil Taighde seo agus áitíonn ar an Aire agus ar an Rialtas machnamh iomlán a dhéanamh ar an Tuarascáil Taighde agus ar na moltaí seo.

[1] Tithe an Oireachtais 2024 *Tuarascáil an Tascfhórsa um Rannpháirtíocht Shábháilte sa Saol Polaitíochta*

[2] I gcás go leor iarrthóirí, is dócha gur seoladh baile a bheidh sa seoladh a úsáidtear don ainmniúchán, ach d'fhéadfadh gur seoladh gnó nó seoladh eile a bheadh ann de réir an chleachtais reatha. Is mó seans go mbeadh roghanna b agus c i gceist sa chás go dtugtar seoladh baile.

[3] Is mian leis an gCoimisiún aitheantas a thabhairt do na haighneachtaí a fuarthas mar chuid den phróiseas taighde, a d'áirigh an moladh go gcuirfí in iúl go ginearálta ar an bpáipéar ballóide an áit a chónaíonn an t-iarrthóir seachas an seoladh.

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

@ElecCommIRL

www.electoralcommission.ie